

# ✿ An Lúibín ✿

20 Nollaig 2014

## Gmail i nGaeilge

Is féidir feidhm as Gaeilgeanois le Gmail, ríomhphost Google. Is é an Ghaeilge an ceann is deireanaí de 72 'supported languages' atá ann.

An tOllamh Kevin Scannell ó Ollscoil St Louis in Missouri a spreag an tionscadal seo. Tá suim mhór aige i teangacha neamhfhorleathana agus suim ar leith aige sna teangacha Ceilteacha. Cheap sé seiceálaithe litrithe agus gramadaí agus stórchiste leictreonach don Ghaeilge, agus tá sé i gceannas na foirne a sholáthraíonn áiseanna foinse oscailte Gaeilge, leithéidí Firefox agus LibreOffice. I gcás Gmail, rinne sainfhoirne agus deonaigh ar fud an domhain an obair. Ochtar aistritheoirí a bhí i gceist agus chuir siad Gaeilge ar os cionn 60,000 téarmaí agus teachtaireachtaí.

Chuir an tionscadal le bunachar sonraí de theangacha a úsáideann comhlacthaí eile ina gcuid áiseanna bogearraí. Sin é an *Common Locale Data Repository* (CLDR), bunachar sonraí comhoibritheach a úsáidtear chun bogearraí a chur in oiriúint do theangacha.

Chun Gaeilge a úsáid in Gmail, déan mar a leanas: cliceáil ar an roth ar bharr an scáileáin Gmail ar thaobh na láimhe deise agus roghnaigh 'settings'. Roghnaigh *Gaeilge* ar an roghchár anuas sa rannóg teangacha ar bharr an leathanaigh. Cliceáil ar 'save changes' ag bun an leathanaigh.

❖❖❖❖❖

## Státseirbhísigh na haon teanga

Scéala fíor-Éireannach ag *Tuairisc.ie* nach scéala nua é, is dócha: 'Léiríonn figiúirí nua nach bhfuil sé ar chumas ag breis agus 95% d'fhostaithe i dtírí cinn déag de ranna rialtais a gcuid oibre a dhéanamh i nGaeilge'.<sup>1</sup> Duine ar bith sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, 1% i Roinn an Taoisigh, 1% san Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe, 1,5% sa Roinn Talmhaíochta, 2% sa Roinn Cosanta, 2% sa Roinn Sláinte 2.3% sa Roinn Airgeadais (2.3%). Agus níl sa mhéid ach cuid den iomlán.

Comhartha dóchais, ar shlí, is ea an Roinn Gnótháí Eachtracha agus Trádála, áit a bhfuil 20% den fhoireann in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá 11% den Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge, ach mar a deir an t-alt, bheadh foireann iomlán rannóg na Gaeltachta sna Forbacha i nGaeltacht Chonamara san áireamh sa chéatadán sin.

Tharraing an scéal seo freagra ó Dhonncha Ó hÉallaithe, eolaí ar staitisticí na Gaeilge agus fear cáinte agus feannta sna cúrsaí seo. Molann sé beartas nua: Gaeilge a mhúineadh don mionlach a bheadh ag iarraidh í a fhoghlaim, 25 pointe breise a thabhairt dóibh siúd a dhéanfadhbh í ag Ardleibhéal (mar atá ag an Mata); ardchumas a éileamh orthu siúd a fhraigheann B nó A san Ardleibhéal agus é sin a bheith mar bhuntáiste soiléir acu más áil leo cur isteach ar phost sa státseirbhís. Beartas stuama, dar linn.

❖❖❖❖❖

<sup>1</sup> <http://tuairisc.ie/gan-cumas-gaeilge-ag-95-dhostaithe-i-13-roinn-rialtais/>

## Sliocht as An Bíobla Naomhtha le haghaidh na Nollag

Foilsiodh *An Tiomna Nua* i nGaeilge sa bhliain 1602 tar éis do roinnt scoláirí é a aistriú sa 16ú haois. (Níor bhféidir *An Sean-Tiomna* a fhoilsíú go dtí an bhliain 1685.) Bhí éileamh air ar feadh trí chéad bliain agus seo againn sliocht as a bhaineann le séasúr na Nollag. Rinneadh an litriú a nuachóiriú beagán ach fágadh leaganacha mar *do bhíodar aoírí* (bhí aoírí) agus foirmeacha den tabharthach mar *i gcathraigh* (i gcathair) agus *i ngioblaibh* (i ngiobail).

### Lúcás, II, 8-21.

8. Agus do bhíodar aoírí sin sa dúiche sin ina gcónaí amuigh, agus ag déanamh faire oíche ar a dtréad.
9. Agus féach, do sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus do shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall: agus do ghabh eagla mhór iad.
10. Agus dúirt an t-aingeal leo: Ná bíodh eagla oraibh: óir, féach, táim ag soiscéaladh daoibh gairdeachas mór, a bhíos do gach uile phobal.
11. Óir rugadh an Slánaitheoir daoibh inniu (i. Críost an Tiarna), i gcathraigh Dháibhí.
12. Agus ag so comhartha daoibh: gheobhfaidh sibh an leanbh ceangailte i ngioblaibh, ina luí i mainséar.
13. Agus do bhí go tobann cuideachta mhór de shlua neamhaí i bhfochair an aingil ag moladh Dé, agus ag rá,
14. Glóir do Dhia sna hardaibh, agus síocháin ar an dtalamh, dea-thoil do na daoinibh.
15. Agus tharla, mar d'ímiadar na haingil uathu ar neamh, go ndúradar na haoírí le chéile, Imíomanois don Bhetléem, agus féacham an ní seo do rinneadh, a d'fhoilsigh an Tiarna dúinn.
16. Agus thángadar go deithneasach, agus fuaradar Muire agus Iósaph, agus an ná ina luí i mainséar.
17. Agus an tráth do chonaiceadar sin, d'aithriseadar an ní a dúradh leo i dtimpeall an linbh sin.
18. Agus na huile dhaoine dá gcuala seo do ghabh iontas iad fa na nthibh a dúradar na haoírí leo.
19. Ach do thaiscigh Muire na briathra so uile, dá mbreathnú ina croí.
20. Agus d'fhilleadar na haoírí, ag tabhairt glóire agus ag moladh Dé trí gach ní dá gcualadar agus dá bhfacadar, mar a dúradh leo.
21. Agus an tan do comhlíonadh ocht lá chun an libh do thimpeallghearradh, tugadh ÍOSA mar ainm air, i. an t-ainm do ghair an t-aingeal de sul do gineadh i mbroinn é.



Breith Chríost ó Hortus deliciarum (*Garraí an Aoibhni*), ciclipéid a chum Herrad ó Landsberg (c. 1130-1195), máthairab Mhainistir Hohenburg san Alsáis.



*Muscaedóirí agus fir phíce (athléiriú stairiúil)*

Wikipedia Commons

#### 'Irish invaders': na Gaeil i gCogadh Cathartha Shasana

I ndiaidh na bliana 1640, le linn an chogaidh idir Parlaimint Shasana agus Séarlas I, ba mhór an eagla a bhí ar mhórán Sasanach go ndéanfaí ionradh ar Shasana. Ba iad na hÉireannaigh an phríomhnamhaid sa chás seo agus Sasanaigh ag cuimhneamh ar éirí amach na nGael sa bhliain 1641 agus ar an ár a lean é (ár a ndearnadh álbhéil mhór air sna tuairisci). Mhéadaigh an eagla seo idir na blianta 1638 agus 1646.

Is é an staraí Mark Stoyle is túisce a tharraing aird ar thaobh eitneach Cogadh Cathartha Shasana. Átíonn sé gur cuireadh 'New Model Army' Chromail ar bun mar arm fíor-Sasanach a bheadh in ann ag fórsaí coimhthíocha. Más ea, bhí éifeacht leis: chuir sé an Bhreatain Bheag agus an Choirn faoi smacht arís agus díbríodh eachtrannaigh. Orthu siúd bhí na hÉireannaigh a tugadh anall chun fórsaí an Rí a threisiú.

Bhí dianghá ag Séarlas I le saighdiúirí agus fálte aige roimh thrúpaí athnearaithe ó Éirinn. Sa bhliain 1643 is mó a tháinig siad agus mórán ina measc a rugadh i Sasana nó sa Bhreatain Bheag agus a bhí ag teacht abhaile. Ach luaih tuairisci na linne saighdiúirí eile nach raibh Béarla acu, agus luann Stoyle 'the habitual tendency of the Parliamentary intelligencers to assume that any group of enemy soldiers who did not speak English were as likely to be Irish as they were to be Welsh (or, indeed, Cornish)'.<sup>2</sup>

Is léiranois nár mhór an lín saighdiúirí, idir Shasanaigh, Bhreatnaigh agus fíor-Éireannaigh, a tháinig i dtír: naoi míle duine, b'fhéidir, agus roinnt ban ina measc mar chosmhuintir. Ní bheadh de Ghaeil ina measc ach cúpla míle duine: cainteoirí Gaeilge i dtír an Bhéarla.

Bhí baint ag an scéal seo le Murchadh Ó Briain (1618–1674), an chéad Iarla Inse Uí Chuinn, agus Murchadh an Dóiteáin mar leasainm air de bharr an scriosta a rinne sé i gCúige Mumhan i rith cogáil na 1640í. Chuaigh sé leis an gcreideamh nua, agus bhí sé ar na huaisle Protastúnacha ba mhó le rá in Éirinn, cé go ndearna sé saighdiúireacht leis na Spáinnigh san Iodáil idir na blianta 1636 agus 1639. D'fhill sé abhaile, agus nuair a d'éirigh na hÉireannaigh amach sa bhliain 1641 thaobhaigh sé leis na coilínigh Shasanacha. Thug sé cúig reisimint chun Sasana leis chun cuidiú leis an Rí, ach nuair a theip air post Uachtaráin Chúige Mumhan chuaigh sé i bpáirt le lucht na Parlaiminte. Thaispeáin sé an miotal a bhí ann mar cheannasaí nuair a bhris sé aim na Cónaídíme Caitlicí. Ach tháinig imní air nuair a chonaic sé na radacaigh i bParlaimint Shasana ag milleadh faoin Rí agus thaobhaigh sé leis na Ríogaithe arís. Ní raibh an rath céanna air an uair seo: theip air an fód an sheasamh i gcoinne fhórsaí na Parlaiminte. Fuair sé a chuid tailte i gCúige Mumhan ar ais nuair a tháinig Séarlas II i gcoróin.

Ní mór an t-iontas go ndeachaigh cuid mhór de na trúpaí Protastúnacha ó Éirinn ('English-Irish') i leith na Parlaiminte agus iad i Sasana. Ach tháinig fearg ar na Ríogaithe nuair a thréig roinnt mhór de na Gaeil féin an Rí.

<sup>2</sup> Stoyle, Ich 55.

Bhí an chuid is mó acu le fáil i reisimintí Mhurchaidh agus an Tiarna Broghill agus iad faoi cheannas Éinrí Uí Bhriain, deartháir Mhurchaidh. Throid siad in Dorset in iardheisceart Shasana agus d'éirigh go maith leo, ach nuair a diúltaíodh uachtarántacht Chúige Mumhan do Mhurchaidh rinne na Brianaigh comhréiteach leis an bParlaimint agus lean a gcuid saighdiúirí iad.

Bhí an dearg-ghráin ag saighdiúirí Parlaiminteacha ar thrúpaí ó Éirinn i Sasana, agus is minic a maraíodh príosúnaigh Éireannacha. Bhí paimfleadaithe agus iriseoirí de chuid na Parlaiminte coipthe go maith agus fioreagla le haithint ar an áibhéil acu: iad á áitiú go raibh fonn ar na 'Irish rebels' cuid mhaith de phobal Shasana a choscairt – 'to put the English in England that side with the Parliament to the sword, both men, women and children'.<sup>3</sup> Deirtí gurbh fhíochmhaire na mná a tháinig leis na trúpaí Éireannacha ná na fir féin. I Méid Dheireadh Fómhair d'fhógair an Pharlaimint gur chóir príosúnaigh Éireannacha a bhású gan trócaire; i ndáiríre, áfach, bhí na ceannairí Parlaiminteacha níos séimhe agus fonn mór orthu pé trúpaí Éireannacha a bhí ann a chur ar ais chun a dtíre féin. Cuireadh caibidlí rúnada ar bun chun go gcuirfí an rún sin i gcrích.

Ba chosúil na trúpaí Éireannacha seo lena leithéidí eile sa chogadh. Bhí lucht píce ann, clogad orthu agus cóta leathair orthu faoi na lúireacha. Bhíodh claiomh ar iompar acu agus píce sé troithe déag acu. Chosnaídís na muscaedóirí ar mharcshlua an namhad agus théidís féin chun tosaigh ag ionsaí cos-slua. Ní bhíodh armúr ar na muscaedóirí féin. Ba é a bpriomharm siúd an muscaed lásaín; chaithidís crios gualainne le dhá chartús déag agus piléar i ngach cartús, in éineacht le méid tomhaiste púdaír.

Ba ghnách do mhná gabháil le complachtaí saighdiúirí agus a lán rudaí le déanamh acu – níochán, fuáil, dul ag triall ar uisce, fanacht i bhfeighil beithíoch. Níorbh fhéidir le harm ar bith teacht gan iad, ach is minic a mhaslaigh na Parlaimintigh na mná a bhí ag freastal ar shaighdiúirí Ríoga, go háirithe mná ó Éirinn. Thugtaí striapacha orthu agus bheidís i mbaol dá mbéarfaí orthu.

*Le léamh:*

Mark Stoyle. 'Irish Invaders : Irish and 'Irish-English' Troops in England, 1642-1644' in *Soldiers and Strangers: An Ethnic History of the English Civil War*. Yale University Press 2005.

Murrough O'Brien, 1st Earl of Inchiquin, 1614-74: <http://bcw-project.org/biography/murrough-obrien-earl-of-inchiquin>

Barton Hacker & Margaret Vine (eag.). *A Companion to Women's Military History*. Brill Academic Publishers 2012.



**Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

<sup>3</sup> Luita in Stoyle, Ich 66.

## Leagan simplithe

### ‘Irish invaders’: na Gaeil i gCogadh Cathartha Shasana

Bhí eagla ar mhórán Sasanach i rith Chogadh na gCarad sa seachtú haois déag go ndéanfaí ionradh ar Shasana. Roimh na hÉireannaigh is mó a bhí eagla orthu. Bhí siad ag cuimhneamh ar éirí amach na nGael sa bláthain 1641.

Tharraing an staráí Mark Stoyle aird stair eitneach<sup>4</sup> Chogadh na gCarad.<sup>5</sup> Dúirt sé gur cuireadh ‘New Model Army’ Chromail ar bun mar arm fior-Shasanach a bheadh in ann fórsaí eachtrannacha a dhíbirt.

Bhí gá mór ag Séarlas I le saighdiúirí agus tháinig mórán acu ó Éirinn. Ach bhí mórán saighdiúirí ina measc a rugadh i Sasana nó sa Bhreatain Bheag agus a bhí ag teacht abhaile. Ní raibh ach cúpla míle Caitliceach ann: cainteoirí Gaeilge i lár Shasana.

Bhí baint ag an scéal seo le Murchadh Ó Briain (1618–1674), taoiseach Gaelach a dtugtaí ‘Murchadh an Dóiteáin’ de bharr an scriosta a rinne sé i gCúige Mumhan. Ba Phrotastúnach é. Nuair a d’eirigh na hÉireannaigh amach sa bláthain 1641 thaobhaigh sé leis na coilínigh Shasanacha. Thug sé cùig reisimint chun Sasana leis chun cuidiú leis an Rí. Theip air post tábhachtach a fháil ón Rí agus thaobhaigh sé leis an bParlaimint dá bharr. Ach níor mhaith leis na radacaigh<sup>6</sup> i bParlaimint Shasana agus thaobhaigh sé leis an Rí arís.

I gceann tamaill thaobhaigh cuid mhór de na saighdiúirí Protastúnacha ó Éirinn leis an bParlaimint. Ach tháinig fearg ar na Ríogaithe nuair a thréig cuid de na Gaeil féin an Rí. Throid siad go maith i Sasana ach lean siad Murchadh agus a dheartháir nuair a thaobhaigh siad leis an bParlaimint.

Bhí gráin ag saighdiúirí Parlaiminteacha ar shaighdiúirí a tháing ó Éirinn go dtí Sasana. Básaiodh a lán príosúnach Éireannach gan trócaire. Ach bhí fonn ar na ceannairí Parlaiminteacha saighdiúirí Caitliceacha ó Éirinn a chur ar ais chun a dtíre féin. Cuireadh caibidilí<sup>7</sup> rúnda ar bun dá bharr.

Ba chosúil na saighdiúirí Éireannacha seo lena leithéidí eile sa chogadh. Bhí fir ann a raibh armúr orthu agus píci fada ar iompar acu, agus bhí muscaedóirí ann.

Ba ghnách do mhná gabháil leis na saighdiúirí. Bhiodh a lán rudai le déanamh acu – niochán, fuáil agus rudai eile. Mhaslaiodh<sup>8</sup> na Parlaimintigh na mná a bhí ag freastal ar na saighdiúirí Ríoga mar striapacha, go háirithe má b’Éireannaigh na mná sin.

<sup>4</sup> Eitneach - ethnic

<sup>5</sup> Cogadh na gCarad – Civil War

<sup>6</sup> Radacaigh - radicals

<sup>7</sup> Caibidilí - negotiations

<sup>8</sup> Maslaigh - abuse

## Dánta Nollag

### Trí Ríthe

Rinne sé samhradh tirim an bhliain sin:  
bhraith siad é sin ag teacht aníos  
faoi sholas do-ídithe,  
an ghrian ina loscadh de lá,  
na fógraí neoin ag rince d'oíche

Bhí taisce le fail anseo, brabach éigin  
nár léir dóibh fós is iad ina suí sa bheár:  
d'ordair siad deoch eile, ag éisteacht  
leis an ragairne, ar lorg leide  
faoin mbealach a rachaidís,  
faoin bhféirín ab oiriúnaí.

### Breith

Ar éigin a d'ainthin siad  
an leanbh úd: arracht nó aingeal,  
a shúile druidte i gcoinne  
a raibh le teacht:  
achrann is seachrán,  
óráidí i bpáirceanna,  
bás i ndroch-chuideachta:  
is d'fharr a mháthair le tacsaí  
ar thairseach an ospidéil  
ag iarraidh an tairngreacht  
a dhearmad.

Tá a lán dánta foilsithe ag Colin Ryan in Feasta ([www.feasta.ie](http://www.feasta.ie)) agus An Gael ([www.angaelmagazine.com](http://www.angaelmagazine.com)).